**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar nó mura gcuirtear, caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

# ROINN 1 – FILLTEÁN

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.00**

**ROINN 1 (60 MARC)**
Caithfear tabhairt faoi **GACH** ceist.
Tá rogha agat *laistigh* de 3 cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfidh tú marcanna.


**1. CARRAIGEACHA**


Cé acu ceann díobh seo a leanas ar **samplaí iad uile de charraigeacha dríodair**?
[Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.]

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Eibhear, aolchloch agus grianchloichít | ☐ |
| (ii) | Eibhear, marmar agus grianchloichít | ☐ |
| (iii) | Marmar, gual agus gaineamhchloch | ☐ |
| (iv) | Gaineamhchloch, aolchloch agus sceall | ☐ |

**2. GNÉITHE AOLCHLOICHE**


Is féidir an crosfhocal thíos a réiteach le hainmneacha na ngnéithe lipéadaithe **1 go 5** sa léaráid.
Tá gné 2 agus gné 4 líonta isteach cheana duit. **Comhlánaigh an crosfhocal**.



## 3. CREIMEADH AGUS SIL-LEAGAN ABHANN

Sa léaráid taispeántar lúba abhann. Tagraíonn na ráitis thíos don léaráid.
Tá ceann amháin de na ráitis ceart. Cuir tic (✓) sa bhosca taobh leis an ráiteas ceart.




Tá an abhainn:

(i) ag creimeadh ag **B** agus ag sil-leagan ag **A** ☐

(ii) ag creimeadh ag **B** agus ag sil-leagan ag **C** ☐

(iii) ag creimeadh ag **A** agus ag sil-leagan ag **C** ☐

(iv) ag creimeadh ag **C** agus ag sil-leagan ag **D** ☐

## 4. IASCAIREACHT

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart **i ngach** ceann de na ráitis thíos:

(i) Is acmhainn nádúrtha **inathnuaite / neamh-inathnuaite** iad éisc.

(i) Chun na héisc a aimsiú, baineann na báid iascaireachta nua-aimseartha úsáid as **unlais mhótarghluaiste / sondálaithe fuaime**.

(iii) Tá laghdú mór tagtha ar na stoic éisc i Muir Éireann de bharr **téamh domhanda/ ró-iascaireacht**.


## 5. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA

Sa bhosca thíos tá líon áirithe de ghníomhaíochtaí eacnamaíochta príomhúla, tánaisteacha agus treasacha. Cuir ciorcal thart ar **thrí** ghníomhaíocht phríomhúla eacnamaíochta atá sa bhosca.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *múinteoir* | *báicéir* | *oibrí monarchan* | *iascaire* |
| *dlíodóir* | *cúntóir siopa* | *feirmeoir* | *tiománaí tacsaí* |
| *garda* | *mianadóir* | *meicneoir* | *treoraí turasóireachta* |

## 6. AERÁIDÍ

Sa léarscáil taispeántar an suíomh atá ag **trí** chineál aeráide faoi seach.




Ainmnigh sna spásanna an aeráid a thaispeántar **i ngach** réigiún.

(i) An aeráid i réigiún A:____________________

(ii) An aeráid i réigiún B:____________________

(iii) An aeráid i réigiún C:____________________

**FREAGAIR 7A NÓ 7B**

## 7A. OIBRIÚ AN OIGHIR AGUS É AG GLUAISEACHT

Cé acu ceann díobh seo a leanas ar **gnéithe iad uile den oighearchreimeadh?**
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Fiord, moiréan, adharc phirimidiúil | ☐ |
| (ii) | Airéit, coire, U-ghleann | ☐ |
| (iii) | Cré bhholláin, coire, gleann crochta | ☐ |
| (iv) | Airéit, coire, droimnín | ☐ |

**NÓ**

## 7B. OIBRIÚ NA FARRAIGE

Cé acu díobh ceann seo a leanas ar **gnéithe iad uile de chreimeadh farraige**?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Poll séideáin, ceann tíre, tambaló | ☐ |
| (ii) | Poll séideáin, aill mhara, staic mhara | ☐ |
| (iii) | Trá, stua mara, pluais mhara | ☐ |
| (iv) | Trá, gob gainimh, tambaló | ☐ |

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

## 8A. AG TOMHAS NA hAIMSIRE

Sa tábla taispeántar figiúirí míosúla na teochta agus na báistí i mbaile san India.

| Míonna | EAN | FEA | MÁR | AIB | BEA | MEI | IÚIL | LÚN | M.FÓ | D.FÓ | SAM | NOL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Báisteach ina mm | 20 | 80 | 125 | 175 | 235 | 300 | 385 | 300 | 250 | 150 | 50 | 20 |
| Teocht ina °C | 24 | 27 | 32 | 36 | 34 | 33 | 32 | 30 | 30 | 29 | 28 | 26 |




(i) Ainmnigh an mhí is fliche ______________________________

(ii) Ríomh raon bliantúil na teochta __________________________

**NÓ**

## 8B. UIRLISÍ AIMSIRE

Sa phictiúrí taispeántar ceithre uirlis aimsire agus na lipéid **A-D** orthu**.** Meaitseáil **gach** ceann de na lipéid **A-D** leis an uirlis cheart ón liosta sa bhosca. Tá meaitseáil amháin déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
|   |  |  |   |
| A | B | C | D |

| Uirlis Aimsire | Litir |
|---|---|
| Eite ghaoithe | |
| Ainéimiméadar | B |
| Teirmiméadar | |
| Taifeadán Campbell-Stokes | |

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

## 9A. TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA

Uaireanta ní bhogann tionscail go suímh nua, fiú nuair a thugann tosca suímh atá ag athrú le fios gur chóir dóibh bogadh. Is é a thugtar air sin ná: [Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.]

(i) Táimhe thionsclaíoch ☐

(ii) Meath tionsclaíoch ☐

(iii) Athshuíomh tionsclaíoch ☐

(iv) Bonneagar tionsclaíoch ☐

**NÓ**

## 9B. TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cén **trí** cinn de na ráitis thíos atá fíor.

1. Bíonn tionscail throma le fáil in eastáit thionsclaíochta ar imeall na gcathracha nó na mbailte móra de ghnáth.
2. Is é is caipiteal ann ná an t-airgead a bhíonn ag teastáil chun monarcha a chur ar bun agus a rith.
3. Is córais iad monarchana ina mbíonn ionchuir, próisis agus aschuir.
4. D’imigh tionscal iarainn agus cruach na Breataine ó shuímh ar an gcósta go dtí suímh in aice leis na gualcheantair.
5. Is é atá i dtionscal gan chuing ná tionscal ar féidir é a lonnú chomh maith céanna ina lán suíomh éagsúil.

(i) 1, 2, 3 ☐


(ii) 2, 3, 4 ☐

(iii) 2, 3, 5 ☐

(iv) 3, 4, 5 ☐

## 10. RÁTAÍ BEIREATAIS AGUS RÁTAÍ BÁIS

Sa léaráid taispeántar na hathruithe a tháinig le himeacht ama ar an ráta beireatais agus ar an ráta báis i dtír áirithe.
Baineann na ráitis thíos leis an léaráid.




Cuir **ciorcal** thart ar *fíor* nó ar *bréagach* i ngach cás chun a thaispeáint cé acu atá **gach** ráiteas fíor nó bréagach.


(i) Luainigh an ráta báis (chuaigh sé suas agus síos) ar dtús agus ansin thit sé tapa go leor. ***Fíor / Bréagach***

(ii) Thit an ráta beireatais níos tapúla ná an ráta báis. ***Fíor / Bréagach***

(iii) Tá méadú nádúrtha ar an daonra sa tír seo. ***Fíor / Bréagach***

## 11. GRÉASÁIN LONNAÍOCHTA

Scrúdaigh na sracléarscáileanna seo a bhfuil na lipéid A, B agus C orthu.




(i) An cineál gréasán lonnaíochta a thaispeántar i *sracléarscáil A* ná ____________________

(ii) An cineál gréasán lonnaíochta a thaispeántar i *sracléarscáil B* ná____________________

(iii) An cineál gréasán lonnaíochta a thaispeántar i *sracléarscáil C* ná____________________

## 12. GNÉITHE DEN DAONRA

Meaitseáil **gach ceann** de na litreacha i g**Colún X** leis an uimhir is leathphéire di i g**Colún Y.** Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| **A** | Líon na ndaoine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh |
| **B** | Leathadh na ndaoine i gceantar ar bith a thugtar |
| **C** | Nuair a thagann daoine chun cónaithe i gceantar |
| **D** | Fás an-tapa sa daonra |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| **1** | Inimirce |
| **2** | Dlús daonra |
| **3** | Tobmhéadú daonra |
| **4** | Dáileadh daonra |

| X | Y |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | **1** |
| **D** | |

## 13. ATHRÚ AR AN DAONRA LE hIMEACHT AMA

Sa tábla taispeántar an daonra a bhí i g**ceithre** chontae in Éirinn ag amanna difriúla.


| | **1986** | **1996** | **2006** |
|---|---|---|---|
| **Gaillimh** | 179,223 | 190,006 | 232,334 |
| **Maigh Eo** | 114,985 | 111,497 | 124,648 |
| **Sligeach** | 57,556 | 55,848 | 61,891 |
| **Liatroim** | 27,187 | 25,564 | 28,841 |

(i) Cé acu contae ina raibh an daonra ba mhó in 2006? ____________________

(ii) Cé acu contae ina raibh an daonra ba lú i 1996? ____________________

(iii) Cé acu contae ina raibh an méadú daonra ba lú idir 1986 agus 2006? ____________

**14. IARTHAR NA hEORPA**




Sa léarscáil ar dheis taispeántar cuid d'Iarthar na hEorpa.

Bain úsáid as an léarscáil chun na ceisteanna thíos a fhreagairt:

(i) Ainmnigh an abhainn lipéadaithe 'X' ar an léarscáil.

_______________________________________________

(ii) Ainmnigh an tír lipéadaithe 'Y'.


_______________________________________________

(iii) Gabhadh an áit lipéadaithe 'Z' ón bhfarraige.
Is é an t-ainm a thugtar ar thalamh a ghabhtar
ón bhfarraige ná:

_______________________________________________

**15. AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**

Déan staidéar ar an gcartún thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




In oiriúint ón mbunchartún
www.cartoonstock.com

Cé acu ceann **amháin** de na teachtaireachtaí seo a leanas a thugann an cartún dúinn.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

(i) Faigheann an Domhan i mBéal Forbartha níos mó mar chúnamh ná mar a íocann sé as earraí agus ús ☐

(ii) Is mó an tairbhe a bhaineann an Domhan Forbartha as ná mar a bhaineann an Domhan i mBéal Forbartha ☐

(iii) Is mó an tairbhe a bhaineann an Domhan i mBéal Forbartha as ná mar a bhaineann an Domhan Forbartha ☐

(iv) Tugann an Domhan Forbartha níos mó mar chúnamh ná mar a fhaigheann sé as earraí agus ús. ☐

## 16. CRIOSANNA UIRBEACHA

Meaitseáil **gach** ceann de na fótagraif uirbeacha a bhfuil na lipéid **A-D** orthu leis an rogha cheart sa bhosca. Tá meaitseáil amháin déanta duit.

**A**



Foinse: Microsoft Virtual Earth

**B**



Foinse: www.walkingmelbourne.com

**C**



Foinse: www.heritagecouncil.ie

**D**




Foinse: www.city.charlottestown.pe.ca

| Litir | Ceantar Uirbeach |
|---|---|
| | LCG |
| | Eastát tionsclaíochta |
| C | Athnuachan uirbeach |
| | Bruachbhaile |

## 17. BARRAGHRAF

Sa tábla agus sa bharraghraf taispeántar garmheastachán ar líon na dturasóirí a thug cuairt ar ionad saoire sa Spáinn i dtréimhse sé mhí in 2008.
Bain úsáid as eolas sa tábla agus tarraing na barraí d'Aibreán, d'Iúil agus do Mheán Fómhair.

| Mí | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na dTurasóirí** | **10,000** | **15,000** | **37,500** | **55,000** | **68,800** | **25,000** |



**18. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis seo.

Cén treo é ó Ráth Naoi (T28 95) go Cill Mhantáin (T31 93)? ____________________

**19. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis seo.

Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil **gach ceann** de na tagairtí eangaí i g**Colún X** leis an uimhir is leathphéire di i g**Colún Y.** Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | T 273 914 |
| B | T 327 935 |
| C | T 307 947 |
| D | O 287 014 |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Galfchúrsa |
| 2 | Eaglais |
| 3 | Caisleán |
| 4 | Stáisiún traenach |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | |
| C | |
| D | |

**20. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis seo.
Is féidir an pháirc imeartha mhór, uile-aimsire, a fháil: (Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.)

(i) Sa chúlra ar dheis ☐

(ii) Sa chúlra láir ☐

(iii) Sa lár ar clé ☐

(iv) Sa tulra láir ☐

# Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Leathanach Bán